Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Meitheamh 2021**
**(OR. en)**

**9318/1/21**
**REV 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0249(COD)**

**CODEC 798**
**JAI 655**
**FRONT 207**
**VISA 110**
**SIRIS 51**
**CADREFIN 269**
**COMIX 291**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha, an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle |

1. An 13 Meitheamh 2018, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagail 77(2) agus 79(2) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 17 Deireadh Fómhair 2018[2].

3. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún agus chinn sé gan tuairim a eisiúint.

4. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 13 Márta 2019[3].

[1] 10151/18 + ADD 1.
[2] IO C 62, 15.2.2019, lgh. 184-188.
[3] 7403/19.

5. An 1 Márta 2021, dhaingnigh Coiste Pharlaimint na hEorpa um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (LIBE) an comhaontú sealadach agus sheol cathaoirleach an Choiste litir an 2 Márta 2021 chuig cathaoirleach Coreper á dhearbhú gur cheart do Pharlaimint na hEorpa, ar an dara léamh, an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh a fhormheas (tar éis athbhreithniú dlítheangeolaíoch a dhéanamh) gan aon leasú a dhéanamh air.

6. An 10 Márta 2021, dhaingnigh Coiste na mBuanionadaithe an comhaontú sealadach ar tháinig na comhreachtóirí air.

7. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a mholadh don Chomhairle go ndéanfadh sí an seasamh ón gComhairle[4] ar an gcéad léamh, mar a leagtar amach in 6487/21 + REV 1 (ro) + COR 1 (cs) é, agus an ráiteas ar chúiseanna, mar a leagtar amach in 6487/21 ADD 1 é, a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

8. Leagtar amach na ráitis atá le cur le miontuairiscí chruinniú na Comhairle in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo.

---

[4] Níl Éire ná an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl siad faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.